



Cód Iompair

Tá an cód ann ionas go gcuirfeadh scoil shlán shábháilte ar fáil a dhéanfaidh freastal ar fhorbairt oideachasúil mhorálta shóisialta na ndaltaí. Cuirfeadh an bhéim ar iompar maith a chothú in ionad a bheith ag gearradh pionóis ar dhroch-iompar. Ar an dtuiscint go gcuireann gaol maith idir scoil agus tuismitheoir go mór le héifeacht scoile, is é an polasaí atá againn ná teagmháil rialta (An Dialann Scoile agus cruinnithe) a bheith ag an gColáiste le baile maidir le hiompar agus dul chun cinn an scoláire.

Táthar ag súil leis an iompar seo:

- Go mbeidh scoláirí dea-mhúinte cúirtéiseach agus go mbeidh meas acu ar na múinteoirí, foireann eile an Choláiste, cuairteoirí, tiománaithe bus agus meas acu ar a chéile.
- Go mbeidh meas ag scoláirí ar mhaoin – a maoin pearsanta féin, maoin a gcomhscoláirí agus maoin an Choláiste agus áiseanna lasmuigh.
- Go ndéanfaidh scoláirí a ndícheall ina gcuid obair ranga agus lena gcuid obair bhaile agus go mbeidh siad ag comhoibriú lena gcuid múinteoirí.
- Comhoibriú ó na scoláirí chun ár gColáiste agus clós an Choláiste a choinneáil slachtmhar agus saor ó bhruscar.
- Go mbeidh scoláirí macánta agus fírinneach i gcónaí.

Rialacha Scoile

- Tá sé de dhualgas ar scoláirí glacadh le húdarás agus treoracha ón bhfoireann scoile agus aird a thabhairt ar na Treoracha Ranga.
- Táthar ag súil le agus iarrtar ar scoláirí Gaeilge a labhairt (Féach Polasaí Gaeilge).
- Táthar ag súil le agus iarrtar ar scoláirí a bheith in am do na ranganna agus a bheith ullamh (leabhar, peann & rl).
- Táthar ag súil le agus iarrtar ar scoláirí cloí le cód gléasta an Choláiste i rith am scoile agus iad ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile lasmuigh (féach lch.7)
- Táthar ag súil le agus iarrtar ar scoláirí freastal go féilteúil ar an gColáiste agus litir mhíniúcháin a thabhairt isteach leo tar éis dóibh a bheith as láthair, ag baint leas as na leathanaigh ar chúil na dialainne.
- Táthar ag súil le agus iarrtar ar scoláirí fanacht sa Choláiste nó i gclós an Choláiste agus gan é a fhágáil gan chead nó ar iarratas sínithe ó thuismitheoir nó caomhnóir. (féach lch.8)
- Tá cosc ar sheinnteoírí ceoil agus gléasanna digiteacha.
- Tá cosc ar chaitheamh tobac agus mí-úsáid substaintí.

Treoracha Ranga

- Bí i do láthair sa seomra ranga in am agus leis an trealamh ceart.

- Leag do Dhialann Scoile ar an mbord ag tús chuile rang.
- Lean na treoracha chomh tapaigh agus is féidir.
- Oibrigh go ciúin – ardaigh do lámh má tá cúnamh ag teastáil uait ón múinteoir.
- Bí deá-bhéasach i gcónaí.
- Tá cosc ar ithe agus ar ól sa seomra ranga.
- Coinnigh an scoil agus clós an Choláiste glan – caith bruscar ‘sna Boscaí Bruscair i gcónaí.
- Tá cosc ar Tippex agus guma coganta.
- Níl cead fón póca/gléas digiteach a úsáid le linn am scoile.
- Fan leis an múinteoir (ag bun na gcéimeanna/staighrí) sula dtéann tú isteach sa seomra ranga.
-

Croí-Chleachtais

Ag tús an ranga

- Beannóidh mé don mhúinteoir
- Bainfidh mé díom mo chóta, scairf, hata & rl
- Cuirfidh mé mo dhialann agus ábhar don rang ar mo bhord

Ag deireadh an Ranga

- Cuirfidh mé mo chathaoir faoin mbord
- Píocfaidh mé aon bhruscar timpeall m’ionad oibre fiú mura liom féin é
- Fágfaidh mé slán leis an múinteoir

Deireanach do Rang

- Cnag ar an doras agus gabh leithscéal – taispeáin nóta don mhúinteoir.
- Más rud é go bhfuil dalta(i) coinnithe siar cúpla nóiméad ag múinteoir treoraítear don mhúinteoir nóta a chur i nDialann an dalta (leathnach an lae, ní ar chúl) ionas go dtuigfear cúis na moille.

Leabhar Líonra – ní cheadaítear iad a luchtú le linn am scoile

Céim 1: An Múinteoir Ábhair

Tá an múinteoir, le tacaíocht na dtuismitheoirí agus bainistíocht an Choláiste, freagrach as cúrsaí smachta ina rang féin. Coinneofar taifead cruinn ar iompar / dul chun cinn na scoláirí. D’fhéadfadh an múinteoir úsáid a bhaint as na smachtbhannaí seo (de réir mar is gá):

- Comhairle a chur ar an scoláire
- Nóta 1,2,3 (VS Ware)
- Ceacht breise a thabhairt dó/dí
- Nóta a scríobh i nDialann an scoláire le taispeáint do na tuismitheoirí
- Géibheann (am lóin)
- Ceacht pionóis le síniú ag tuismitheoir /caomhnóir
- ‘Cárta Buí’ a sheoladh abhaile (tar éis 3 Nóta)

Céim 2: Ceann Bliana

Tá an Ceann Bliana mar thaca do na daltaí faoin a c(h)úram le haird ar gnéithe seo

- Acadúil
- Iompar
- Folláine

Cumarsáid :-Cinnteoídh an Ceann Bliana, trí chumarsáid leis an dalta, leis na tuismitheoirí/caomhnóirí agus leis an bhfoireann teagaisc go bhfuil idir aird agus aire tugtha don dalta. Is é/í an Ceann Bliana a bheidh i gceannas ar na cruinnithe CTC.

- Comhairle agus treoir a thabhairt
- Cárta Buí - Labhairt le dalta
- Glaoch ar Thuismitheoirí / caomhnóirí chun dul chun cinn daltaí a phlé i dtearmaí –Acadúil, Iompar & Folláine
- Coinneáil Iar-Scoile
- Cárta Tuairisce/ Foirmeacha Tuairimíochta

Ról an Choiste Smachta (Cruinnithe Míosúla ar a laghad & mar is gá)

Is iad an Coiste Smachta, an Príomhoide Tánaisteach, Ceann Bliana x2 (Sinsear nó Sóisear mar is gá), a bheidh ag plé le cásanna tromchúiseacha mhí-iompair. D'fhéadfadh sé seo tarlú mar gheall ar:-

- Mór-shárú ar an gCód Iompair (féach thíos).
- Sárú ar an bPolasaí Gaeilge
- Mí-iompair rialta.

Déanfaidh an Ceann Bliana dul chun cinn an scoláire a phlé le tuismitheoirí ar a luathchaoithiúlacht.

Smachtbhannaí

- Géibheann
- Coinneáil Iar-Scoile (le fógra seachtaine)
- Gan turais scoile ná pribhléidí eile a cheadú don scoláire.
- Cárta Tuairisce / Foirmeacha Tuairimíochta
- Fionraí (Inscoile nó sa bhaile)*
- Eisiamh Buan **

Sárú Tromchúiseach ar an gCód Iompair

Mar threoir do thuismitheoirí agus do scoláirí, seo liosta de chuid de na rudaí a mbreathnófar orthu mar shárú tromchúiseach ar an gcód:

- Diúltú glan treoracha a leanúint nó ais-fhreagairt
- Ionsaí fisiciúil a dhéanamh ar bhall d'fhoireann an Choláiste nó ar scoláire eile, maistíneacht, goid, mór-dhamáiste a dhéanamh do mhaoín an Choláiste, do mhaoín fhoireann an Choláiste nó scoláire eile.
- Ionsaí ó bhéal, mí-úsáid teanga nó bagairt a dhéanamh ar bhall de fhoireann an Choláiste nó ar scoláire eile.

- Úsáid a bhaint as alcól, tobac, drugaí nó aon mhí-úsáid ábhar eile sa scoil, i dtimpeallacht an Choláiste nó le linn imeachtaí scoile taobh amuigh den Choláiste.
- Béarla a labhairt go rialta
- An Coláiste a fhágáil gan chead
- Sárú ar Pholasáí Frith-Bhulaíochta
- Drochchlú a tharraingt ar an gColáiste

**Tabharfar obair scríofa do dhalta le linn ‘Coinneáil Iar-Scoile’ / Fionraíocht*

Smachtbhannaí Sonracha

Gan Éidí Scoile

An chéad uair- Géibheann – Téacs abhaile

An Dara uair – Coinneáil Iar-Scoile – Glaoch abhaile

An Tríú uair – gan chead dul ag ranganna, cruinniú le tuismitheoirí/caomhnóirí

Béarla – Coinneáil Iar Scoile (féach Polasaí Gaeilge)

Gan Dialann – Géibheann - Téacs abhaile

Déanach don scoil/do rang gan nóta – Géibheann

Guma Coganta - Géibheann

Scoil a fhágáil gan chead – Coinneáil Iar-Scoile- Glaoch abhaile

Caitheamh Tabac – Fionraíocht

Fón Póca – féach ‘Fóin Póca’

Fóin Póca

Níl aon chúis mhaith go mbeadh fón póca ar siúl nó in úsáid i rith am scoile nó i rith aon ghníomhaíochta scoile ach amháin i gcásanna eisceachtúla le cead an mhúinteora. Má theastaíonn ó tuismitheoirí/caomhnóirí agus scoláirí dul i dteagmháil le chéile ar bhonn práinne, is féidir é sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an bhfón in oifig an Choláiste. Glactar leis go mbeidh fón póca ag formhór na scoláirí ach níor mhór dóibh a bheith ciúnaithe nuair a shroictear an Coláiste.

Má fheictear, má chloistear nó má úsáidtear fón póca nó gléas ar bith digiteach ar shuíomh an Choláiste nó le linn imeachtaí scoile, iarrfar ar an scoláire an fón/gléas a thabhairt don mhúinteoir. **Cuirfear téacs abhaile ag míniú go dtabharfar an fón/gléas ar ais do thuismitheoir/chaomhnóir an lá dár gcionn ach ní tráth níos luaithe ná sin. Má tharlaíonn sé an athuair coinneofar an fón/gléas ar feadh trí oíche. Smachtbhannaí níos troime a bheadh i gceist ina dhiaidh sin.**

An Cárta Tuairisce – Foirmeacha Tuairimíochta (Dialann)

Tabharfar Cárta Tuairisce / Foirmeacha Tuairimíochta do scoláire ar feadh tréimhse aontaithe. Cuirfear na tuismitheoirí ar an eolas go bhfuil an scoláire ar Chárta Tuairisce / Foirmeacha Tuairimíochta. Tabharfaidh gach múinteoir cuntas, ag baint úsáide as na cóid éagsúla, ar obair bhaile agus iompar an scoláire sa rang le linn an tréimhse. Pléifidh an Coiste Smachta dul chun cinn an scoláire leis/léi ag deireadh an tréimhse.

Má bhíonn toradh mí-shásúil ar an dtréimhse nó má thagann sé/sí ós comhair an Coiste Smachta mar gheall ar shárú eile ar an gCód Smachta d’fhéadfaí é/í a chur ar fionraí.

Fionraíocht

Is smachtbhanna trom é scoláire a chur ar fionraí. Is ag an bPríomhoide amháin (an Príomhoide Tánaisteach ag gníomhú ar son an Phríomhoide) atá an t-údarás scoláire a chur ar fionraí. D'fhéadfaí an smachtbhanna seo a úsáid:-

- Má theipeann ar iarrachtaí eile an fhadhb a réiteach.
- I gcás sárú tromchúiseach ar an gCód Iompair.
- Sula gcuirfear scoláire ar fionraí, pléifear an cás le tuismitheoirí/ caomhnóirí.

Eisiamh Buan

Is ag an mBord Bainistíochta, ar mholadh an Phríomhoide, atá an t-údarás dalta a dhíbirt nó a chur ar eisiamh buan.

***Go mbeadh Eisiamh Buan mar an chéim dheiridh i gcorás iompair cuimsitheach, nuair atá gach céim eile ídithe.

Go mbeadh na féidearthachtaí go léir cíortha ag an gColáiste, le hathrú ar iompar an scoláire a bhaint amach ar dtús, sula gcuirfear Eisiamh buan i bhfeidhm

Mar chuid den chóras iompair is féidir Eisiamh buan a chur i bhfeidhm de bharr sárú tromchúiseach mar atá sonraithe thuas nó má tá iompar an scoláire ag cur isteach ar scoláirí eile agus/nó baill foirne, go bhfuil sláinte & sábháilteacht na scoláirí eile agus/nó baill foirne i gceist, go bhfuil an scoláire freagrach as damáiste tromchúiseach, do mhaoin mar shampla.

Cuirfear Eisiamh buan ón gColáiste i bhfeidhm don chéad chion de bharr: bagairt thromchúiseach foréigin in aghaidh scoláire eile nó baill foirne; ionsaí gnéasach; úsáide/seilbhe nó soláthar substaintí/drugaí mídhleathacha do dhaltaí eile; mórdhamáiste do mhaoin, mór-shárú ar an bpolasaí frith-bhulaíochta. Níl an liosta thuas uileghabhálach.

Achomharc a Dhéanamh

Tá cead ag tuismitheoirí, nó scoláire atá ós cionn ocht mbliana déag d'aois, achomharc a dhéanamh chuig Bord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh & Roscomán sa chás go mbíonn scoláire curtha ar fionraí le haghaidh níos mó ná fiche lá sa scoil bhliain de réir Mír 29 den Acht Oideachais 1998.